



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Deichiú Dlísheomra)

24 Deireadh Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Seirbhísí poist san Aontas Eorpach – Treoir 97/67/CE – Airteagal 22(3) – An coincheap ‘soláthraí seirbhíse poist a ndéantar difear dó le cinneadh ó údarás rialála’ – Ceart achomhairc)

I gCás C-476/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach, an Bhulgáir), trí bhreith an 14 Iúil 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 25 Iúil 2023, sna himeachtaí

‘STAR POST’ EOOD

v

Komisia za regulirane na saobshteniata,

tugann AN CHÚIRT (an Deichiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. D. Gratsias (Rapóirtéir), Uachtarán an Dlísheomra, M. I. Jarukaitis, Uachtarán an Ceathrú Dlísheomra agus M. Z. Csehi, Breitheamh,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: R. Stefanova-Kamisheva, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 28 Bealtaine 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

- ‘STAR POST’ EOOD, ag K. Boncheva, M. Dokova-Kostadinova agus M. Ekimdzhev, advokati,
- Komisia za regulirane na saobshteniata, ag T. Aleksandrova agus I. Dimitrov,
- Rialtas na Bulgáire, ag T. Mitova agus R. Stoyanov, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na Seice, ag L. Halajová, M. Smolek agus J. Vlácil, i gcáil Gníomhairí,
- an Coimisiún Eorpach, ag C. Georgieva agus M. Mataija, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Bhulgáiris.

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo le léiriú ar Airteagal 22(2) agus (3) agus Airteagal 22 de Threoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhriallacha chun an margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú (IO 1998 L 15, lch. 14), arna leasú le Treoir 2008/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 (IO 2008 L 52, lch. 3) ('Treoir 97/67, arna leasú').
- 2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir 'STAR POST' EOOD, cuideachta a rialaítear le dlí na Bulgáire, agus Komisia za regulirane na saobshteniata (an Coimisiún Rialála Cumarsáide, an Bhulgáir) ('KRS') maidir le cinneadh an Choimisiúin sin lena gcinntear na glanchostais iomlána a bhaineann le soláthar na seirbhíse poist uilíche ag Balgarski Poshti ('BP') agus lena gcinntear gur ualach airgeadais éagórach a bhí sna costais sin ar BP.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 97/67 arna leasú

- 3 Luaitear an méid seo a leanas in aithris 39 de Threoir 97/67, arna leasú:

'[De] bhrí, chun feidhmiú cuí na seirbhíse uilíche a áirithiú agus chun iomaíocht neamhshaofa a áirithiú san earnáil neamh-áirithinte, go bhfuil sé tábhachtach feidhmeanna an rialtóra, ar thaobh amháin, agus feidhmeanna an oibreora, ar an taobh eile, a dheighilt; de bhrí nach féidir le haon oibreoir poist a bheith ina bhreitheamh ná ina pháirtí leasmhar araon; de bhrí gur faoin mBallstát atá sé reacht údaráis rialála náisiúnta amháin nó níos mó a shainiú [("ÚRN")], a fhéadfar a roghnú as údaráis phoiblí nó as eintitis neamhspleácha arna gceapadh chun na críche sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 4 Foráiltear le hAirteagal 2 den Treoir sin:

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(1a) "soláthraí seirbhíse poist": gnóthas a sholáthraíonn seirbhís poist amháin nó níos mó;

[...]

(13) “soláthraí seirbhíse uilíche”: an soláthraí seirbhíse poist poiblí nó príobháideach a sholáthraíonn seirbhís poist uilíche, nó codanna di, laistigh de Bhallstát, ar tugadh fógra don Choimisiún [Eorpach] maidir lena chéannacht de réir Airteagal 4;

(14) “údaruithe”: aon chead lena leagtar amach cearta agus oibleagáidí a bhaineann go sonrach leis an earnáil poist agus lena gceadaítear do ghnóthais seirbhísí poist a sholáthar agus, i gcás inarb infheidhme, a líonraí a bhunú agus/nó a oibriú chun na seirbhísí sin a sholáthar, i bhfoirm údaraithe ghinearálta nó ceadúnais aonair mar a mhínítear thíos: “údarú ginearálta”:

[...]

– “ceadúnas aonair”: údarú arna dheonú ag [ÚRN] lena dtugtar cearta sonracha do sholáthraí seirbhíse poist, nó lena gcuirtear oibríochtaí an ghnóthais sin faoi réir oibleagáidí sonracha lena bhforlíontar an t-údarú ginearálta i gcás inarb infheidhme, i gcás nach bhfuil an soláthraí seirbhíse poist i dteideal na cearta lena mbaineann a fheidhmiú go dtí go mbeidh an cinneadh faighte aige ón [ÚRN];

[...]

(17) “úsáideoir”: aon duine nádúrtha nó dlítheanach a thairbhíonn de sholáthar seirbhíse poist mar sheoltóir nó mar sheolaí;

(18) “[ÚRN]”: an comhlacht nó na comhlachtaí, i ngach Ballstát, a gcuireann an Ballstát de chúram air nó orthu, i measc nithe eile, na feidhmeanna rialála a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo;

[...]

5 De réir Airteagal 7(1), (3) go (5) den Treoir sin:

‘(1) Ní dhéanfaidh na Ballstáit cearta eisiacha ná speisialta a dheonú ná a choimeád i bhfeidhm chun seirbhísí poist a bhunú agus a sholáthar. Féadfaidh na Ballstáit soláthar seirbhísí uilíocha a mhaoiniú i gcomhréir le ceann amháin nó níos mó de na modhanna dá bhforáiltear i míreanna 2, 3 agus 4, nó i gcomhréir le haon mhodh eile atá ag luí leis an gConradh.

[...]

(3) I gcás ina gcinneann Ballstát go mbaineann glanchostas leis na hoibleagáidí seirbhíse uilíche, dá bhforáiltear sa Treoir seo, arna ríomh agus Iarscríbhinn I á cur san áireamh, agus gur ualach airgeadais éagórach ar an soláthraí seirbhíse uilíche nó ar na soláthraithe seirbhíse uilíche iad, féadfaidh sé an méid seo a leanas a thabhairt isteach:

(a) sásra chun an gnóthas nó na gnóthais lena mbaineann a chúiteamh ó chistí poiblí; nó

(b) sásra chun glanchostas na n-oibleagáidí seirbhíse uilíche a chomhroinnt idir soláthraithe seirbhísí agus/nó úsáideoirí.

(4) I gcás ina roinntear an glanchostas i gcomhréir le mír 3(b), féadfaidh na Ballstáit ciste cúitimh a bhunú a fhéadfaidh soláthraithe seirbhíse agus/nó táillí úsáideoirí a chistiú, agus a dhéanfaidh comhlacht atá neamhspleách ar an tairbhí nó ar na tairbhíthe a riar chun na críche sin. [...]

(5) Áiritheoidh na Ballstáit go n-urramófar prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta agus an ciste cúitimh á bhunú agus leibhéal na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 á shocrú. Beidh na cinntí a ghlacfar i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 bunaithe ar chritéir oibiachtúla infhíoraithe agus poibleofar iad.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 14 den Treoir sin an méid seo a leanas:

‘(1) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar cuntasaíocht ar na soláthraithe seirbhíse uilíche i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

(2) Coimeádfaidh an soláthraí seirbhíse uilíche nó na soláthraithe seirbhíse uilíche cuntais ar leithligh laistigh dá gcórais chuntasaíochta inmheánacha chun idirdhealú soiléir a dhéanamh idir gach ceann de na seirbhísí agus na táirgí ar cuid den tseirbhís uilíoch iad agus iad siúd nach cuid den tseirbhís uilíoch iad. Úsáidfear an deighilt chuntasaíochta sin mar ionchur nuair a ríomhfaidh na Ballstáit glanchostas na seirbhíse uilíche. Feidhmeoidh córais chuntasaíochta inmheánacha den sórt sin ar bhonn prionsabail cuntasaíochta costála arna gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus a bhfuil údar oibiachtúil leo.

(3) Déanfaidh na córais chuntasaíochta dá dtagraítear i mír 2, gan dochar do mhír 4, costais a leithdháileadh ar an mbealach seo a leanas:

- (a) déanfar costais is féidir a shannadh go díreach do sheirbhís nó do tháirge áirithe a shannadh amhlaidh;
- (b) déanfar costais choiteanna, is é sin costais nach féidir a shannadh go díreach do sheirbhís nó do tháirge ar leith, a leithdháileadh mar a leanas:
 - (i) aon uair is féidir, leithdháilfear costais choiteanna ar bhonn anailís dhíreach ar thionscnamh na gcostas iad féin;
 - (ii) i gcás nach féidir anailís dhíreach a dhéanamh, leithdháilfear catagóirí costas coiteann ar bhonn nasc indíreach le catagóirí costas eile nó le grúpa catagóirí costas ar féidir sannadh díreach nó leithdháileadh díreach a dhéanamh ina leith; beidh an nasc indíreach bunaithe ar struchtúir chostais inchomparáide;
 - (iii) nuair nach féidir teacht ar bhearta díreacha ná indíreacha maidir le leithdháileadh costas, leithdháilfear an chatagóirí costas ar bhonn leithdháileoir ginearálta arna ríomh trí úsáid a bhaint as an gcóimheas idir na speansais uile a shanntar nó a leithdháiltear go díreach nó go hindíreach, ar thaobh amháin, ar gach ceann de na seirbhísí uilíocha agus, ar an taobh eile, ar na seirbhísí eile;
 - (iv) déanfar costais choiteanna, atá riachtanach chun seirbhísí uilíocha agus seirbhísí neamh-uilíocha araon a sholáthar, a leithdháileadh go hiomchuí; ní mór na spreagthaí costais céanna a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí uilíocha agus seirbhísí neamh-uilíocha araon.

(4) Ní fhéadfar córais cuntasaíochta costála eile a chur i bhfeidhm ach amháin má tá siad comhoiriúnach do mhír 2 agus má tá siad formheasta ag [ÚRN]. Cuirfear an Coimisiún ar an eolas sula gcuirfear i bhfeidhm iad.

(5) Déanfaidh [ÚRNanna] a áirithiú go ndéanfaidh comhlacht inniúil atá neamhspleách ar an soláthraí seirbhíse uilíche comhlíonadh ceann amháin de na córais cuntasaíochta costála a

thuairiscítear i míreanna 3 nó 4 a fhíorú. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfoilseofar ráiteas maidir le comhlíonadh go tréimhsiúil.

[...]

(8) I gcás nár bhain Ballstát ar leith úsáid as sásra maoinithe chun an tseirbhís uilíoch a sholáthar, mar a cheadaítear faoi Airteagal 7, agus i gcás inar deimhin leis an [ÚRN] nach bhfuil cúnamh Stáit á fháil ag aon cheann de na soláthraithe seirbhíse uilíche ainmnithe sa Bhallstát sin, bíodh sé i bhfolach nó ná bíodh, agus go bhfuil an iomaíocht sa mhargadh lánéifeachtach, féadfaidh [ÚRN] cinneadh a dhéanamh gan ceanglais an Airteagail seo a chur i bhfeidhm.

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 22 de Threoir 97/67, arna leasú:

‘(1) Ainmneoidh gach Ballstát [ÚRN] amháin nó níos mó le haghaidh earnáil an phoist atá ar leithligh go dlíthiúil ó na hoibreoirí poist agus neamhspleách go hoibríochtúil orthu. Áiríteoidh na Ballstáit a choinníonn úinéireacht nó rialú ar sholáthraithe seirbhísí poist deighilt struchtúrach éifeachtach na feidhme rialúcháin, ar thaobh amháin, ó na gníomhaíochtaí is gné dhílis d’úinéireacht nó do bhainistiú na ngnóthas sin, ar an taobh eile.

[...]

(2) Is é cúram [ÚRNanna] go háirithe comhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a áirithiú, go háirithe trí nósanna imeachta faireacháin agus nósanna imeachta rialúcháin a bhunú chun soláthar seirbhíse uilíche a ráthú. Féadfar a chur de chúram orthu a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha iomaíochta in earnáil an phoist freisin.

[...]

(3) Áiríteoidh na Ballstáit gurb ann do shásraí éifeachtacha ar an leibhéal náisiúnta faoina mbeidh sé de cheart ag aon úsáideoir nó soláthraí seirbhíse poist a ndéanann cinneadh ó [ÚRN] difear dó achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh chuig comhlacht achomhairc atá neamhspleách ar na páirtithe lena mbaineann. Go dtí go mbeidh toradh ar aon achomharc den sórt sin, seasfaidh an cinneadh ón údarás rialála náisiúnta, mura gcinnfidh an comhlacht achomhairc a mhalairt.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, dar teideal ‘Treoir maidir le glanchostas, más ann dó, na seirbhíse uilíche a ríomh’, áirítear le Cuid B, dar teideal ‘Ríomh an ghlanchoistais’, lena bhforáiltear:

‘Déanfaidh [ÚRNanna] gach modh a mheas chun dreasachtaí cuí a áirithiú do sholáthraithe seirbhíse poist (bíodís ainmnithe nó ná bíodh) chun oibleagáidí seirbhíse uilíche a sholáthar go héifeachtúil ó thaobh costais de.

Is é glanchostas na n-oibleagáidí seirbhíse uilíche aon chostas a bhaineann le feidhmiú sholáthar na seirbhíse uilíche agus atá riachtanach chuige sin. Déanfar glanchostas na n-oibleagáidí seirbhíse uilíche a ríomh mar an difríocht idir an glanchostas ar sholáthraí seirbhíse uilíche ainmnithe oibriú de réir na n-oibleagáidí seirbhíse uilíche agus an glanchostas ar an soláthraí seirbhíse poist céanna oibriú d'uireasa na n-oibleagáidí seirbhíse uilíche.

Cuirfear san áireamh sa ríomh na heilimintí ábhartha go léir, lena n-áirítear aon sochair dholáimhsithe agus sochair mhargaidh a fhabhraíonn chuig soláthraí seirbhíse poist atá ainmnithe chun seirbhís uilíoch a sholáthar, an teideal chun brabúis réasúnaigh agus dreasachtaí le haghaidh cost-éifeachtúlachta.

[...]

[...] Is ar [ÚRN] atá an fhreagracht maidir le fíorú an ghlanchoistais. Comhoibreoidh an soláthraí seirbhíse uilíche nó na soláthraithe seirbhíse uilíche leis [ÚRN] chun a chur ar a chumas an glanchostas a fhíorú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2008/6

9 Leagtar an méid seo a leanas amach in Aithrisí 29, 41, 49 agus 56 de Threoir 2008/6:

‘(29) Ba cheart leanúint de phrionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta, dá bhforáiltear faoi láthair i dTreoir [97/67], a chur i bhfeidhm maidir le haon sásra maoiniúcháin agus ba cheart aon chinneadh sa réimse sin a bheith bunaithe ar chritéir thrédhearcacha, oibiachtúla agus infhíoraithe. Go háirithe, ba cheart glanchostas na seirbhíse uilíche a ríomh, faoi mhaoirseacht [ÚRN], mar an difríocht idir glanchostais an tsoláthraí seirbhíse uilíche ainmnithe a oibríonn faoi oibleagáid seirbhíse uilíche agus nach n-oibríonn faoi oibleagáid seirbhíse uilíche. Cuirfear san áireamh sa ríomh na heilimintí ábhartha eile go léir, lena n-áirítear aon sochair dholáimhsithe agus sochair mhargaidh a fhabhraíonn chuig soláthraí seirbhíse poist atá ainmnithe chun seirbhís uilíoch a sholáthar, an teideal chun brabúis réasúnaigh agus dreasachtaí le haghaidh cost-éifeachtúlachta.

[...]

(41) I bhfianaise an aistrithe chuig margadh atá go hiomlán iomaíoch, agus chun cosc a chur ar thras-fhóirdheontais dochar a dhéanamh don iomaíocht, is iomchuí leanúint de cheangal a chur ar na Ballstáit an oibleagáid atá ar sholáthraithe seirbhíse uilíche cuntais ar leithligh agus thrédhearcacha a choinneáil, faoi réir na n-oiriúnuithe is gá.

Ba cheart don oibleagáid sin an fhaisnéis is gá a sholáthar do [ÚRNanna], do na húdaráis iomaíochta agus don Choimisiún chun cinntí a ghlacadh a bhaineann leis an tseirbhís uilíoch agus chun faireachán a dhéanamh ar dhálaí córa margaidh go dtí go dtiocfaidh an iomaíocht i bhfeidhm. [...]

Trí chuntais ar leithligh agus thrédhearcacha a choimeád, ba cheart faisnéis chuntasaíochta atá mionsonraithe go leor a chur ar fáil do na Ballstáit agus dá [ÚRN] chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí a bhaineann leis an tseirbhís uilíoch a ghlacadh,
- úsáidfear mar ionchur iad nuair a chinntear an mbaineann glanchostas leis na hoibleagáidí seirbhíse uilíche a forchuireadh agus leis an ualach airgeadais éagórach ar an soláthraí seirbhíse uilíche iad,

– [...]

- (49) Ba cheart an ceart a bheith ag aon pháirtí is ábhar do chinneadh ó [ÚRN] a dhéanamh chuig comhlacht atá neamhspleách ar an údarás sin. Is féidir an comhlacht sin a bheith ina chúirt. Níor cheart gur dhochar an nós imeachta achomhairc sin do dheighilt inniúlachtaí laistigh de na córais bhreithiúnacha náisiúnta agus do chearta eintiteas dlíthiúil nó daoine nádúrtha faoin dlí náisiúnta. Go dtí go dtabharfar na nósanna imeachta sin i gcrích, is gá bailíocht shealadach chinntí na [ÚRN] a áirithiú chun deimhneacht dhlíthiúil agus slándáil an mhargaidh a ráthú.

[...]

- (56) Ó tharla é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon margadh inmheánach Comhphobail do sheirbhísí poist a bhaint amach, leibhéal coiteann seirbhísí uilíocha a áirithiú do gach úsáideoir agus prionsabail chomhchuibhithe a leagan síos maidir le rialáil seirbhísí poist, agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr fhairsinge agus iarmhairtí na Treorach seo, is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. [...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Bulgáire

- 10 Faoi Airteagal 147 den Administrativnoprotsesualen kodeks (Cód an Nós Imeachta Riaracháin):

‘(1) Tá sé de cheart ag saoránaigh agus eagraíochtaí a ndearna an gníomh riaracháin a gcearta, a saoirsí nó a leasanna dlisteanacha a shárú nó a bhagairt nó a gcruthaíonn sé oibleagáidí ina leith agóid a dhéanamh ina choinne.

[...]

- 11 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 15 den Zakon za poshtenskite uslugi (an tAcht um Sheirbhísí Poist):

‘(1) Déanfaidh [KRS] soláthar seirbhísí poist a rialáil i gcomhréir leis an dlí seo:

- (1) trí na coinníollacha a áirithiú faoina soláthraítear an tseirbhís poist uilíoch ar fud na críche náisiúnta;

[...]

(11) trí mhodh a fhorbairt chun na glanchostais a ríomh a bhaineann leis an tseirbhís poist uilíoch a sholáthar agus chun na critéir a chinneadh maidir le hualach airgeadais éagórach a bheith ann; glacfaidh Comhairle na nAirí an modh ríofa sin ar thogra ón [KRS];

[...]

(2) Is gníomhartha riaracháin aonair, rialála nó ginearálta iad cinntí [KRS] lena gcuirtear an dlí seo chun feidhme agus féadfar achomharc a dhéanamh ina gcoinne i gcomhréir leis an gCód Nós Imeachta Riaracháin chuig an gcúirt riaracháin inniúil.

[...]

12 Foráiltear le hAirteagal 24 den Acht sin:

‘Soláthraíonn oibreoir poist an tseirbhís poist uilíoch ar a gceanglaítear le dlí an tseirbhís sin a sholáthar ar fud na tíre trí úsáid a bhaint as líonra poist a eagraíonn agus a bhainistíonn sé.’

13 Foráiltear le hAirteagal 29 den Acht sin don mhéid seo a leanas:

‘(1) An t-oibreoir poist a gceanglaítear air an tseirbhís poist uilíoch a sholáthar, gheobhaidh sé cúiteamh ó bhuiséad an Stáit i gcás ina ngabhann glanchostais leis an oibleagáid an tseirbhís poist uilíche a sholáthar agus i gcás inar ualach airgeadais éagórach í.

(2) Is é [KRS] a chinnefidh méid an ualaigh airgeadais éagóraigh a bhaineann leis an tseirbhís poist uilíoch a sholáthar ar bhonn na nglanchostas arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i bpointe 11 d’Airteagal 15(1).

[...]

14 De bhun Airteagal 29a den Acht um Sheirbhísí Poist, ar iarraidh ón oibreoir poist a gceanglaítear air an tseirbhís uilíoch a sholáthar, rialaíonn KRS maidir le méid na nglanchostas a bhaineann leis an tseirbhís poist uilíoch a sholáthar agus maidir le hualach airgeadais éagórach a bheith ann agus méid an ualaigh sin mar thoradh ar an tseirbhís poist uilíoch a sholáthar. Is léir ón iarraidh ar réamhrialú nach rialaíonn, mar is léir ó Airteagal 29a den Acht sin, KRS an méid cúitimh atá le deonú don soláthraí seirbhíse uilíche i gcás ina gcinntear go bhfuil ualach airgeadais éagórach ar an soláthraí sin. Cuireann KRS a chinneadh agus an fhaisnéis ábhartha faoi bhráid an Leas-Phríomh-Aire atá freagrach, a chuireann togra faoi bhráid an Aire Airgeadais ina dhiaidh sin chun méid na gcistí atá beartaithe chun an t-ualach airgeadais sin a chúiteamh a áireamh sa Bhille Buiséid Stáit don bhliain dár gcionn.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

15 Is cuideachta Bhulgárach é an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí atá ceadúnaithe chun seirbhísí uilíocha seirbhíse poist a sholáthar. Is léir ón iarraidh ar réamhrialú gur chúlghair KRS, lena Chinneadh Uimh. 289 an 18 Lúnasa 2022, an ceadúnas sin agus gur chuir sé cosc ar an iarratasóir sna príomhimeachtaí, ar feadh tréimhse dhá bhliain, iarratas a dhéanamh ar cheadúnas aonair nua chun seirbhísí den sórt sin a sholáthar, ceadúnas den sórt sin a dheonú dó agus scaireanna nó cothromas a fháil i gcaipiteal cuideachta tráchtála ar oibreoir poist údaráithe í sa réimse ábhartha gníomhaíochta.

- 16 Thionscain an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí caingean i gcoinne an chinnidh sin, a díbheadh ag an gcéad chéim. De réir na faisnéise a chuir an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí ar fáil don Chúirt agus mar a dheimhnigh Poblacht na Bulgáire ag an éisteacht os a comhair, cuireadh an díbhe sin agus an cinneadh sin ar neamhní go cinntitheach le breithiúnas ón Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach, an Bhulgáir) an 29 Eanáir 2024.
- 17 Tá oibleagáid curtha ar BP, an t-oibreoir poist seasta sa Bhulgáir, an tseirbhís poist uilíoch a sholáthar ó 2010 i leith agus ar feadh tréimhse 15 bliana.
- 18 Tar éis iarraidh ar chúiteamh, de réir bhrí Airteagal 29a den Acht um Sheirbhísí Poist, a rinne an t-oibreoir sin, mheas KRS, lena Chinneadh Uimh. 332 an 13 Deireadh Fómhair 2022 ('an cinneadh atá faoi chonspóid'), ag deireadh nós imeachta iniúchóireachta, ar ceapadh iniúchóir neamhspleách ina leith, gurbh ionann glanchostais iomlána na seirbhíse poist uilíche a sholáthair an t-oibreoir sin don bhliain 2021 agus BGN 28 456 000 (leva na Bulgáire) (thart ar EUR 14 500 000) agus gur ualach airgeadais éagórach a bhí sna glanchostais sin don oibreoir.
- 19 Thionscain an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí caingean i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid os comhair Administrativen sad Sofia-grad (Cúirt Riaracháin Chathair Shóifia, an Bhulgáir), a diúltaíodh, le hordú, mar gheall ar easpa leas dlíthiúil chun imeachtaí a thionscnamh, ar an bhforas nach é an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí an duine ar díriodh an cinneadh chuige, nach gcruthaítear cearta ná oibleagáidí díreacha agus láithreacha dó leis an gcinneadh sin agus nach ndéanann an cinneadh difear dá chearta ná dá leasanna dlisteanacha.
- 20 Thionscain an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí caingean i gcoinne an ordaithe sin os comhair an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, ag áitiú go bhfuil sí in iomaíocht le BP ar an margadh le haghaidh seirbhísí a thagann faoi raon feidhme na seirbhíse poist uilíche agus ar an margadh le haghaidh seirbhísí poist neamh-uilíocha araon. Maíomh sé gur ghlac sé páirt i roinnt nósanna imeachta soláthair phoiblí agus gur fhág na tairiscintí thar a bheith íseal a chuir BP isteach sa chomhthéacs sin go raibh amhras ar an iarratasóir sna príomhimeachtaí gur bhain BP úsáid as na fóirdheontais a fuair an Stát chun an oibleagáid seirbhíse poist uilíche a chomhlíonadh freisin chun gníomhaíochtaí eile a mhaoiniú, rud a shaobhfadh an iomaíocht, rud a mbeadh tionchar díreach aige ar a ghníomhaíochtaí tráchtála ar an margadh lena mbaineann. Rinne sé roinnt achomharc chun tacú lena éileamh gur bhain BP tairbhe as Státchabhair. Níor scrúdaíodh a líomhaintí riamh, ar an bhforas 'gur fhoras KRS costas na seirbhíse poist uilíche gach bliain i nós imeachta riaracháin a tionscnaíodh arna iarraidh sin do [BP] "chun an t-ualach airgeadais díreireach a eascraíonn as soláthar na seirbhíse poist uilíche a chúiteamh".
- 21 Os comhair na cúirte a rinne an tarchur, maíonn an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, go háirithe, nach nós imeachta cuntaíochta amháin é ríomh an ghlanchoistais a bhaineann leis an tseirbhís poist uilíoch a sholáthar ach nach mór dó a chur ar chumas an údarais rialála measúnú iomlán a dhéanamh ar an margadh lena mbaineann. Tá an cinneadh ábhartha ar cheann de na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 14 de Threoir 97/67, arna leasú, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 22 de, agus dá bhrí sin féadfaidh 'aon úsáideoir' den tseirbhís poist uilíoch agus 'aon soláthraí seirbhíse poist' a ndéanann sé difear dó agóid a dhéanamh ina choinne.
- 22 Mar thaca lena achomharc, braitheann an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí ar a stádas mar 'soláthraí seirbhíse poist' agus mar 'úsáideoir na seirbhíse poist uilíche' agus measann sé, le hord Administrativen sad Sofia-grad (Cúirt Riaracháin, Cathair Shóifia) ar tugadh agóid ina leith os comhair na cúirte náisiúnta, go sáraítear Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an

Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), Airteagal 6 den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950, agus Airteagal 22 de Threoir 97/67, arna leasú. Áitíonn sé go bhféadfaidh gnóthais atá in iomaíocht leis an soláthraí seirbhíse uilíche agóid a dhéanamh in aghaidh chinntí ÚRN má sháraíonn siad iomaíocht neamhsaofa. Sa chás seo, ghlac KRS cinneadh ar bhealach achomair agus uathoibríoch, agus é bunaithe, ar an gcéad dul síos, ar thuarascáil arna tarraingt suas ag BP, nár cuireadh ar fáil go poiblí riamh agus, ar an dara dul síos, ar anailís iniúchóra neamhspleách nach ndearna, áfach, aon seiceálacha doimhne ar chuntais BP agus nár cuireadh ar fáil go poiblí ach go páirteach.

- 23 Ó thaobh KRS de, cuireann sé in iúl gur cuireadh an sásra dá bhforáiltear in Airteagal 22 de Threoir 97/67, arna leasú, chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta trí bhíthin an nós imeachta achomhairc dá bhforáiltear sa Chód um Nós Imeachta Riaracháin agus nach bhfuil teorainn leis an líon daoine atá i dteideal achomharc a dhéanamh i gcoinne a cinntí. Is iad na daoine 'a ndéantar difear dóibh', de réir bhrí na Treorach sin, ná iad siúd a bhfuil 'iarmhairtí ábhartha' cinntí den sórt sin orthu, eadhon cearta suibíachtúla atá ann cheana a chur ar fionraí nó a theorannú, oibleagáidí dlíthiúla nua a chruthú, oibleagáidí atá ann cheana a leathnú nó a bheith dodhéanta cearta suibíachtúla a fheidhmiú. Sa chás seo, ní bheadh aon athrú ar réimse dlí an iarratasóra sna príomhimeachtaí i gceist le neamhniú an chinnidh atá faoi chonspóid, cé go mbeadh fíor-éiginnteacht dhlíthiúil i gceist dá nglacfar le hargóint an iarratasóra.
- 24 I bhfianaise na n-argóintí sin, measann an chúirt a rinne an tarchur, d'fhonn an cheist a fhreagairt an bhfuil leas ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí i gcaingean a thionscnamh i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid, gur gá léiriú a dhéanamh ar an gcoincheap 'soláthraí seirbhíse poist a ndéantar difear dó le cinneadh ó [ÚRN]' de réir bhrí Airteagal 22(3) de Threoir 97/67, arna leasú. De réir na cúirte a rinne an tarchur, ní gá scrúdú a dhéanamh, i gcomhthéacs na díospóide sna príomhimeachtaí, ar an gcoincheap 'úsáideoir' seirbhíse poist de réir bhrí na forála sin, a mhéid nach gcuireann an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí chun cinn ach argóintí a bhaineann lena ghníomhaíocht mar sholáthraí 'seirbhíse poist a ndéantar difear dó le cinneadh ó [ÚRN]' in iomaíocht le BP ar an margadh ábhartha, gan aon fhianaise fhíorasach a sholáthar as a bhféadfaí a thuiscint go n-úsáideann sé an tseirbhís poist uilíoch arna soláthar ag BP. Dá bhrí sin, dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, is ceist hipitéiseach í aon cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú maidir le stádas 'úsáideora' seirbhíse poist.
- 25 Sna himthosca sin, chinn an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú:
- '(1) Conas ba chóir na focail "soláthraí seirbhíse poist a ndéantar difear dó le cinneadh ó [ÚRN]" agus go háirithe na focail "a ndéantar difear dó" de réir bhrí Airteagal 22(3) de Threoir 2008/6/CE (1) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir [97/67, arna leasú]? Ar chóir na focail "a ndéantar difear dó" a léiriú sa chaoi go gcaithfidh sé gur glacadh an cinneadh ón [ÚRN] i ndáil leis an soláthraí seirbhíse poist go sonrach? An "ndéantar difear", de réir bhrí Airteagal 22(3) de Threoir 2008/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 97/67/CE maidir le margadh inmheánach sheirbhíse poist an Chomhphobail a ghnóthú go hiomlán, do chuideachta atá gníomhach mar sholáthraí seirbhíse poist, i gcás ina bhfuil an chuideachta sin san iomaíocht leis an soláthraí seirbhíse poist uilíche i nós imeachta maidir le dámhachtain conarthaí poiblí agus a rinne argóintí i dtaca le tras-fhóirdheonú an tsoláthraí seirbhíse poist uilíche, ar dhiúltaigh an chúirt dóibh, mar gheall ar chinntí ón [ÚRN] lena n-aithnítear luach na gcostas glan le

haghaidh na seirbhíse poist uilíche arna sholáthar ag soláthraí na seirbhíse poist uilíche agus lena gcinntear gurb ionann na costais sin, go pointe áirithe, agus ualach airgeadais as cuimse mar gheall ar sholáthar na seirbhíse poist uilíche?

- (2) An gcuirtear cosc le hAirteagal 22(3) de Threoir [97/67, arna leasú] agus le hAirteagal 47 den [Chairt] ar staid amhail an staid atá i gceist sna príomhimeachtaí, nach féidir le soláthraí seirbhíse poist, atá in iomaíocht le soláthraí seirbhíse poist uilíche, achomharc a dhéanamh os comhair comhlacht neamhspleách i gcoinne cinneadh ó [ÚRN] lena n-aithnítear luach na gcostas glan le haghaidh na seirbhíse poist uilíche arna sholáthar ag soláthraí na seirbhíse poist uilíche agus lena gcinntear gurb ionann na costais sin, go pointe áirithe, agus ualach airgeadais as cuimse mar gheall ar sholáthar na seirbhíse poist uilíche?

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Inghlacthacht

- 26 Ina barúlacha i scríbhinn, déanann Poblacht na Bulgáire agóid i gcoinne inghlacthacht na chéad cheiste a tarchuireadh chun réamhrialú, ag líomhain, go háirithe, go bhfuil sí bunaithe ar líomhaintí fíorasacha ar bhraith an t-iarratasóir aonair orthu sna príomhimeachtaí agus nár bunaíodh os comhair na cúirte a rinne an tarchur. Dá bhrí sin, tá an cheist seo hipitéiseach. Ceistíonn Poblacht na Bulgáire freisin a úsáidí atá freagra na Cúirte ar an gceist sin i gcomhthéacs na bpríomhimeachtaí.
- 27 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cásdlí socair é, i gcás ina mbaineann na ceisteanna a tharchuirtear i gcomhthéacs tarchur chun réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE le léiriú ar dhlí an Aontais, go bhfuil sé de cheangal ar an gCúirt, i bprionsabal, rialú a thabhairt. Tá toimhde ábharthachta ag ceisteanna den sórt sin arna dtarchur ag cúirt náisiúnta sa chomhthéacs fíorasach agus reachtach a bhfuil an chúirt sin freagrach as a shainiú, nach faoin gCúirt atá sé a gcruinneas a chinneadh Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnas diúltú rialú a thabhairt maidir le ceist arna tarchur ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais Eorpaigh le fíorais iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 6 Meitheamh 2024, *INGSTEEL*, C-547/22, EU:C:2024:478, míreanna 25 agus 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 28 Sa chás seo, ní féidir a dhíospóid go mbaineann an chéad cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú le léiriú ar Airteagal 22(3) de Threoir 97/67, arna leasú, nó go bhfuil an fhoráil sin agus, go háirithe, a raon feidhme pearsanta ábhartha do réiteach na bpríomhimeachtaí.
- 29 Is fíor, leis an gceist sin, go bhféachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach an féidir stádas ‘soláthraí seirbhíse poist a ndéantar difear dó le cinneadh ó [ÚRN]’, de réir bhrí Airteagal 22(3) den Treoir sin, a éilíonn an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, a chinneadh ar bhonn gnéithe fíorasacha a bhaineann le himeachtaí riaracháin agus breithiúnacha seachas na himeachtaí sna príomhimeachtaí, gnéithe nár bunaíodh, de réir Phoblacht na Bulgáire, sa chás seo.
- 30 De réir cásdlí socair, cé go bhféadfadh sé a bheith buntáisteach, ag brath ar na himthosca, fíorais cháis a shuí tráth a tharchuirtear chuig an gCúirt Bhreithiúnais é, ní athraítear leis sin an fíoras go bhfuil an lánrogha is leithne ag na cúirteanna náisiúnta cás a tharchur chuig an gCúirt

Bhreithiúnais má mheasann siad go n-ardaíonn cás atá os a gcomhair ceisteanna a bhaineann le léiriú ar fhorálacha dhlí an Aontais, nó breithniú a dhéanamh ar a mbailíocht, rud a fhágann gur gá cinneadh a dhéanamh ar a dtaobh ag na cúirteanna náisiúnta sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Meitheamh 2015, *Kernkraftwerke Lippe-Ems*, C-5/14, EU:C:2015:354, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear). Tá na cúirteanna sin saor chun, go háirithe, an discríd sin a fheidhmiú ag cibé céim de na himeachtaí a mheasann siad a bheith iomchuí (breithiúnas an 14 Samhain 2018, *Memoria agus Dall'Antonia*, C-342/17, EU:C:2018:906, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 31 Dá bhrí sin, ní féidir a dhearbhu go bhfuil iarraidh ar réamhrialú do-ghlactha díreach toisc gur tíolacadh í go luath sna príomhimeachtaí (breithiúnas an 14 Samhain 2018, *Memoria agus Dall'Antonia*, C-342/17, EU:C:2018:906, mír 34).
- 32 Dá bhrí sin, tá an iarraidh ar réamhrialú inghlactha.

Substaint an cháis

- 33 Mar réamhphointe, ba cheart go gcuimhneofaí, i gcomhthéacs an chomhair idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, an Chúirt Bhreithiúnais, gur faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt don chúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, is féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna a chuirtear faoina bráid a chur i bhfocail eile (breithiúnas an 20 Aibreán 2023, *DIGI Communications*, C-329/21, EU:C:2023:303, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 34 Dá bhrí sin, lena ceisteanna, nach mór iad a mheas le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 22(3) de Threoir 97/67, arna leasú, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear nach bhféadfaidh soláthraí seirbhísí poist atá in iomaíocht leis an soláthraí seirbhíse poist uilíche agóid a dhéanamh os comhair comhlacht neamhspleách i gcoinne cinneadh ón ÚRN, nach duine é ar díriodh an cinneadh chuige lena ríomhann an t-údarás sin, de bhun Airteagal 7(3) den Treoir sin, méid na nglanchostas arna dtabhú ag an soláthraí seirbhíse poist uilíche agus lena gcinntear gur ualach airgeadais éagórach iad na costais sin, de réir bhrí na forála deiridh sin.
- 35 Chun an cheist sin a fhreagairt, ní mór léiriú a dhéanamh ar an gcoincheap ‘soláthraí seirbhíse poist a ndéantar difear dó le cinneadh ó údarás rialála [ÚRN]’ in Airteagal 22(3) de Threoir 97/67, arna leasú, nach mór a mheas, in éagmais aon tagairt shainráite do dhlí na mBallstát, mar choincheap uathrialach de dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Feabhra 2008, *Tele2 Telecommunication*, C-426/05, EU:C:2008:103, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 36 I ndáil leis sin, aontaíonn Poblacht na Bulgáire agus an Coimisiún go bhfuil an fhoclaíocht in Airteagal 22(3) de Threoir 97/67, arna leasú, i dtéarmaí atá beagnach mar an gcéanna leis an gcéad abairt d’Airteagal 4(1) de Threoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialála coiteann do líonraí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí (an Chreat-Treoir) (IO 2002 L 108, lch. 33), atá anois in Airteagal 31(1) de Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO 2018 L 321, lch. 36).

- 37 De réir na chéad abairte d’Airteagal 4(1) de Threoir 2002/21, ‘Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil sásraí éifeachtacha ann ar an leibhéal náisiúnta faoina mbeidh sé de cheart ag aon úsáideoir nó aon ghnóthas a sholáthraíonn líonraí agus/nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus a ndéanann cinneadh ó údarás rialála náisiúnta difear dó achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh chuig comhlacht achomhairc atá neamhspleách ar na páirtithe lena mbaineann’.
- 38 De réir cásdlí socair, tagann Airteagal 4(1) de Threoir 2002/21 ó phrionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí a chosnaítear le hAirteagal 47 den Chairt, ar dá bhun is faoi chúirteanna na mBallstát cosaint bhreithiúnach ar chearta duine aonair faoi dhlí an Aontais a áirithiú (breithiúnas an 20 Aibreán 2023, *DIGI Communications*, C-329/21, EU:C:2023:303, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 39 Dá bhrí sin, ní mór tábhacht an chirt bhunúsaigh sin a chur san áireamh sa léiriú ar an bhforáil sin toisc go n-eascaíonn sé as an gcóras a chuirtear chun feidhme leis an gCaft ina hiomláine. Ní mór a mheabhrú, go háirithe, cé go gceadaítear le hAirteagal 52(1) den Chairt go gcuirfear teorainneacha ar fheidhmiú an chirt bhunúsaigh atá i gceist, ceanglaítear leis an bhforáil sin nach mór inneachar bunriachtanach an chirt bhunúsaigh sin a urramú le haon teorannú agus, faoi réir phrionsabal na comhréireachta, go bhfuil sé riachtanach agus go gcomhlíonann sé cuspóirí leasa ghinearálta i ndáiríre (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Aibreán 2023, *DIGI Communications*, C-329/21, EU:C:2023:303, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 40 Sa chomhthéacs sin, chinn an Chúirt, i bhfianaise na n-oibleagáidí atá ar ÚRNanna iomaíocht a chur chun cinn in earnáil na cumarsáide leictreonaí, go mbeadh sé deacair léiriú docht a dhéanamh ar Airteagal 4(1) de Threoir 2002/21, ar dá réir nach dtugtar leis an bhforáil sin ceart achomhairc do dhaoine seachas dóibh siúd a ndírítear cinntí na n-údarás sin orthu, a réiteach leis na cuspóirí ginearálta agus na prionsabail rialála a eascaíonn, do na húdaráis sin, ón Treoir sin agus, go háirithe, leis an gcuspóir iomaíocht a chur chun cinn (breithiúnas an 20 Aibreán 2023, *DIGI Communications*, C-329/21, EU:C:2023:303, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 41 Dá bhrí sin, de réir cásdlí socair, cumhdaítear le hAirteagal 4(1) de Threoir 2002/21 na daoine ar a ndírítear an cinneadh ÚRN atá i gceist agus gnóthais a sholáthraíonn líonraí nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus a d’fhéadfadh a bheith ina n-iomaitheoirí ag na daoine sin ar a ndírítear an cinneadh, ar choinníoll go ndéanfaidh ÚRN a chinneadh i gcomhthéacs nós imeachta atá ceaptha le hiomaíocht a chosaint agus gur dócha go mbeidh tionchar ag an gcinneadh sin ar sheasamh na ngnóthas sin ar an margadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Eanáir 2015, *T-Mobile Austria*, C-282/13, EU:C:2015:24, mír 39, agus an 20 Aibreán 2023, *DIGI Communications*, C-329/21, EU:C:2023:303, míreanna 32 agus 36).
- 42 Bheadh sé deacair, ar chúiseanna cosúil leo siúd a luaitear i míreanna 38 go 40 den bhreithiúnas seo, léiriú docht a dhéanamh ar Airteagal 22(3) de Threoir 97/67, arna leasú, a réiteach leis na cuspóirí a shaothraítear leis an Treoir sin.
- 43 Ar an gcéad dul síos, maidir le cuspóirí reachtaíocht an Aontais sa réimse sin, is léir ó aithris 56 de Threoir 2008/6 gurb iad na cuspóirí a shaothraítear leis an Treoir sin an margadh inmheánach i seirbhísí poist san Aontas Eorpach a chur i gcrích, leibhéal coiteann seirbhíse uilíche a áirithiú do gach úsáideoir agus prionsabail chomhchuibhithe a leagan síos do rialáil na hearnála sin. Luaitear in aithris 41 den Treoir sin, áfach, go saothraítear na cuspóirí sin ‘[i] bhfianaise an aistrithe chuig margadh atá go hiomlán iomaíoch’. [Aistriúchán neamhoifigiúil].

- 44 Maidir leis na cúraimí a chuirtear ar iontaoibh ÚRN san earnáil poist, is léir ó aithris 39 de Threoir 97/67, arna leasú, gurb é an cuspóir atá lena stádas neamhspleách a ráthú ná ‘iomaíocht neamhshaofa a áirithiú’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 22(2) den Treoir sin, d’fhéadfadh na húdaráis sin a bheith freagrach freisin as comhlíonadh na rialacha iomaíochta a áirithiú san earnáil poist agus, mar is léir ó Airteagal 22(1), ceanglaítear ar na húdaráis sin dul i gcomhairle agus oibriú i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlí na hiomaíochta a chur i bhfeidhm.
- 45 Sna himthosca sin, níl aon chúis le léiriú éagsúil a dhéanamh ar dhá fhoráil de dhlí an Aontais atá comhionann go substaintiúil, amhail, sa chéad áit, Airteagal 22(3) de Threoir 97/67, arna leasú, agus, sa dara áit, Airteagal 4(1) de Threoir 2002/21, ós rud é, thairis sin, go rialaítear réimsí gaolmhara de dhlí an Aontais leis an dá threoir sin, go dtugtar cumhachtaí comhchosúla leo do na ÚNR atá ainmnithe do gach ceann acu agus go saothraítear cuspóirí comhchosúla leo (féach, de réir analaí, breithiúnas an 17 Meán Fómhair 2002, *Concordia Bus Finland*, C-513/99, EU:C:2002:495, míreanna 90 agus 91).
- 46 Ní mór a mheas, dá bhrí sin, go gcumhdaítear le hAirteagal 22(3) de Threoir 97/67, arna leasú, daoine ar a ndírítear cinneadh amhail an cinneadh atá faoi chonspóid agus na soláthraithe seirbhíse poist atá in iomaíocht leis na daoine sin, a mhéid a glacadh an cinneadh sin i gcomhthéacs nós imeachta atá ceaptha iomaíocht neamhshaofa a áirithiú agus gur dócha go mbeidh tionchar aige ar staid na soláthraithe iomaíocha sin ar an margadh.
- 47 Is fíor go luaitear in aithris 49 de Threoir 2008/6 ‘[ba] cheart an ceart a bheith ag aon pháirtí is ábhar do chinneadh ó [ÚRN] a dhéanamh chuig comhlacht atá neamhspleách ar an údarás sin. Is féidir an comhlacht sin a bheith ina chúirt’. [Aistriúchán neamhoifigiúil] Mar sin féin, ní dhéantar tagairt san aithris sin ach don fhéidearthacht atá ag aon duine a ndéanann cinneadh ó ÚNR difear dó achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh den sórt sin. Ní thugann an tagairt d’fhéidearthacht den sórt sin in aithris den sórt sin le tuiscint ar bhealach ar bith go n-eisiatar achomharc den sórt sin do dhaoine eile, amhail gnóthais atá in iomaíocht leo siúd ar a ndírítear an cinneadh sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Feabhra 2008, *Tele2 Telecommunication* C-426/05, EU:C:2008:103, mír 45).
- 48 Sa chomhthéacs sin agus chun freagra cabhrach a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur, is gá scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise an mhéid a leagtar amach i mír 46 den bhreithiúnas seo, an ionann cinneadh ó ÚRN atá freagrach as an earnáil poist amhail an cinneadh atá faoi chonspóid, is é sin le rá, cinneadh lena ríomhtar méid na nglanchostas arna n-íoc ag an soláthraí seirbhíse poist uilíche agus lena gcinntear gur ualach airgeadais éagórach iad na costais sin, ar an gcéad dul síos, arna ghlacadh i gcomhthéacs nós imeachta atá ceaptha chun iomaíocht neamhshaofa a áirithiú agus, ar an dara dul síos, a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do staid margaidh iomaitheora de chuid an tsoláthraí sin.
- 49 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhréir le hAirteagal 7(3) de Threoir 97/67, arna leasú, go bhfuil na Ballstáit le cinneadh an bhfuil na hoibleagáidí seirbhíse uilíche dá bhforáiltear sa Treoir sin ina gcúis le glanchostas, arna ríomh agus forálacha Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin á gcur san áireamh, agus an bhfuil siad ina n-ualach éagórach airgeadais ar an soláthraí seirbhíse uilíche nó ar na soláthraithe seirbhíse uilíche. Mar is léir ó Airteagal 7, 14 agus 22 de Threoir 97/67, arna leasú, arna léamh i bhfianaise aithrisí 29 agus 41 de Threoir 2008/6, bunaítear ríomh ghlanchostais na seirbhíse uilíche faoi mhaoirseacht ÚRNanna, a dhéanann a gcúraimí go hiomlán neamhspleách ar ghníomhaithe margaidh agus ar údaráis Stáit araon (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2023, *Nexive Commerce*

agus páirtithe eile, C-226/22, EU:C:2023:637, mír 42). Thairis sin, luaitear i gCuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 97/67, arna leasú, gurb é ÚRN atá freagrach as ríomh an ghlanchoistais a fhíorú. Ní mór a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha ag baint le cinntí arna ndéanamh ag ÚRNanna i bhfeidhmiú a gcumhachtaí faoi na forálacha sin, ós rud é go bhféadfadh na cinntí sin, i gcás inarb iomchuí, a bheith mar chuid de nósanna imeachta eile a rialaítear leis an dlí náisiúnta chun méid an chúitimh atá le deonú do sholáthraithe seirbhíse uilíche a chinneadh, ar nósanna imeachta iad nach bhfuil ábhartha ina leith sin.

- 50 Ós amhlaidh atá, ar an gcéad dul síos, maidir leis an gceist ar glacadh cinneadh amhail an cinneadh atá faoi chonspóid i gcomhthéacs nós imeachta atá beartaithe chun iomaíocht neamhshaofa a áirithiú, ní mór a thuiscint ó aithris 41 de Threoir 2008/6 gurb é príomhchuspóir Airteagal 14 de Threoir 97/67, arna leasú, a gceanglaítear le mír 2 de ar an soláthraí seirbhíse uilíche nó ar na soláthraithe seirbhíse uilíche cuntais thrédhearcacha a choinneáil lena ndéantar idirdhealú idir seirbhísí agus táirgí atá mar chuid den tseirbhís uilíoch agus iad siúd nach bhfuil, a chur ar chumas na mBallstát cothroime choinníollacha mhargadh na seirbhísí poist a fhíorú, i ndáil leis an soláthraí seirbhíse uilíche nó leis na soláthraithe seirbhíse uilíche agus i ndáil lena n-iomaitheoirí araon. Thairis sin, deimhnítear an léiriú sin le hAirteagal 14(8) den Treoir sin, lena bhforáiltear nach gá do ÚNR na ceanglais maidir le cuntasáíocht chostála a leagtar síos san Airteagal sin a chur i bhfeidhm más deimhin leis nach bhfuil aon chineál tacaíochta poiblí faoi cheilt nó de chineál eile á fháil ag aon cheann de na soláthraithe seirbhíse uilíche agus go bhfuil iomaíocht iomlán sa mhargadh.
- 51 A mhéid, i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Threoir 97/67, arna leasú, a fheidhmíonn ÚNR a chumhachtaí faoi Airteagal 7(3) den Treoir sin tríd an bhfaisnéis a sholáthraítear i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos san Airteagal sin a chur san áireamh, ní mór a mheas go bhfuil na cinntí a dhéantar le linn an chleachtaidh sin dírithe ar iomaíocht a chosaint de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 41 den bhreithiúnas seo.
- 52 Ar an dara dul síos, maidir leis an gceist an dócha go mbeidh tionchar ag cinneadh amhail an cinneadh atá faoi chonspóid ar staid mhargadh iomaitheoirí an té ar a ndírítear an chinneadh sin, ní mór a mheas go gcomhlíontar an coinníoll sin más rud é go bhféadfadh tionchar a bheith ag cinneadh ÚRN lena mbaineann ar chearta na n-iomaitheoirí atá i gceist mar gheall, ar an gcéad dul síos, ar a ábhar agus, ar an dara dul síos, ar an ngníomhaíocht atá á saothrú nó atá beartaithe ag na hiomaitheoirí sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Aibreán 2023, *DIGI Communications*, C-329/21, EU:C:2023:303, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 53 Tá an ceanglas chun cinneadh a ghlacadh amhail an cinneadh atá faoi chonspóid d'fhonn cothroime choinníollacha an mhargaidh lena mbaineann a fhíorú, dá dtagraítear i mír 50 den bhreithiúnas seo, bunaithe ar an mbonn, mura bhfuil na coinníollacha sin cothrom, gur dócha go mbeadh tionchar ag ábhar an chinnidh sin ar iomaíocht idir na hoibreoirí sa mhargadh sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh cinneadh den sórt sin, de bharr a chineáil, tionchar a imirt ar staid na ngnóthas atá in iomaíocht le seolaí an chinnidh sin, a mhéid a leanann na gnóthais sin de ghníomhaíocht amhail an ghníomhaíocht dá dtagraítear sa chásdlí dá dtagraítear i mír 52 den bhreithiúnas seo, nó a mhéid a bheartaíonn siad gníomhaíocht den sórt sin a dhéanamh, ar faoin gcúirt náisiúnta atá sé an méid sin a chinneadh.
- 54 Ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a rinne Poblacht na Bulgáire, gurb é cuspóir an nós imeachta lena gcinntear na glanchostais a bhaineann leis an tseirbhís poist uilíoch a sholáthar agus lena gcinntear gur ualach éagórach ar sholáthraí na seirbhíse sin é comhionannas a athbhunú idir an soláthraí sin agus na gníomhaithe eile sa mhargadh nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide seirbhíse

den sórt sin a sholáthar. Is léir ón gcinneadh sin, má tá an cinneadh a rinneadh ag deireadh nós imeachta den sórt sin bunaithe ar thosca earráideacha nó treallacha, go bhfuil baol ann go neartófar go saorga seasamh an tsoláthraí sin sa mhargadh lena mbaineann, rud a dhéanfaidh difear do sheasamh a iomaitheoirí sa mhargadh sin, gan beann ar an sásra cúitimh do ghlanchoistais arna roghnú ag an mBallstát lena mbaineann faoi Airteagal 7 de Threoir 97/67, arna leasú.

- 55 I bhfianaise a bhfuil thuas, is é an freagra ar na ceistanna a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 22(3) de Threoir 97/67, arna leasú, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear nach féidir le soláthraí seirbhíse poist atá in iomaíocht leis an soláthraí seirbhíse poist uilíche agóid a dhéanamh os comhair comhlacht neamhspleách i gcoinne cinneadh ó ÚNR, nach bhfuil an cinneadh sin dírithe air, lena ríomhann an t-údarás sin, de bhun Airteagal 7(3) den Treoir sin, méid na nglanchoistais arna dtabhú ag an soláthraí seirbhíse poist uilíche agus lena gcinntear gur ualach airgeadais éagórach iad na costais sin de réir bhrí na forála sin.

Costais

- 56 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Deichiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 22(3) de Threoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhrialacha chun an margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú, arna leasú le Treoir 2008/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear nach féidir le soláthraí seirbhíse poist atá in iomaíocht leis an soláthraí seirbhíse poist uilíche agóid a dhéanamh os comhair comhlacht neamhspleách i gcoinne cinneadh ó ÚNR, nach bhfuil an cinneadh sin dírithe air, lena ríomhann an t-údarás sin, de bhun Airteagal 7(3) den Treoir sin, méid na nglanchoistais arna dtabhú ag an soláthraí seirbhíse poist uilíche agus lena gcinntear gur ualach airgeadais éagórach iad na costais sin de réir bhrí na forála sin.

[Sínithe]